Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**15965/1/24**
**REV 1**

**AGRI 820**
**AGRIFIN 133**
**FIN 1050**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta – pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol<br>*- Formheas na ndréachtchonclúidí ón gComhairle* |

1. Thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (an Mheitheal AGRIFIN) scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil speisialta thuasluaite i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna conclúidí a ghlac an Chomhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí (7515/00 + COR 1).

2. Léiríodh sa scrúdú sin nach mbaineann codanna suntasacha den tuarascáil leis an nós imeachta um urscaoileadh agus go mbaineann roinnt codanna di le hábhair nach dtagann faoi raon feidhme inniúlacht na Cúirte mar a shainítear sna conarthaí í.

3. Ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Samhain 2024, phléigh an Mheitheal AGRIFIN an tuarascáil speisialta thuasluaite chomh maith leis na freagraí ón gCoimisiún ar an tuarascáil. Measadh gur cheart conclúidí ón gComhairle a dhréachtú maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/24. I bhfianaise an phlé sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí (15964/24). Socraíodh spriocdháta le haghaidh barúlacha i scríbhinn an 2 Nollaig. Fuarthas roinnt barúlacha agus tugadh aghaidh orthu i dtéacs athdhréachtaithe (15964/24 ADD 1). Cuireadh an téacs athbhreithnithe i láthair sa Mheitheal AGRIFIN an 5 Nollaig agus chomhaontaigh na Ballstáit uile leis. Meastar gur téacs críochnaitheach é an téacs in 15964/24 ADD 1.

4. Leis seo, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí críochnaitheacha ón gComhairle**

**Tuarascáil speisialta Uimh. 20/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta – pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2024 ón gCúirt dar teideal *Common Agricultural Policy Plans – Greener, but not matching the EU's ambitions for the climate and the environment* [Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta – pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol], ina ndéantar measúnú féachaint an bonn fónta iad pleananna straitéiseacha CBT 2023-2027 chun cuspóirí beartais CBT níos glaise a bhaint amach agus na freagraí ón gCoimisiún ar an tuarascáil sin;

2. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt don Choimisiún leanúint de mhalartú dea-chleachtas 'glas' a chur chun cinn, rud a nglacann an Coimisiún leis;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt don Choimisiún meastachán a dhéanamh ar rannchuidiú CBT le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Chomhaontaithe Ghlais agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an creat faireacháin d'fheidhmíocht aeráide agus chomhshaoil CBT;

4. I gcomparáid leis an tréimhse ó 2014 go dtí 2022, DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an leibhéal méadaithe uaillmhéine i bpleananna straitéiseacha CBT a mhéid a bhaineann le gnéithe comhshaoil agus aeráide agus, ag an am céanna, AITHNÍONN SÍ na difríochtaí atá ann i measc na mBallstát maidir leis na bealaí is iomchuí chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach;

5. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé ar cheann de phríomhchuspóirí CBT slándáil bia a áirithiú san Aontas agus, ag an am céanna, go rannchuidíonn sé le spriocanna comhshaoil agus aeráide an Aontais a bhaint amach; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, áfach, nach bhfuil in CBT ach ceann amháin de na huirlisí chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach;

6. DÍRÍONN SÍ AIRD AR Thuarascáil 2024 an Aontais ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide[1] ina léirítear an treocht atá ann faoi láthair maidir le hastaíochtaí an Aontais a laghdú, agus í ag súil go gcomhlíonfaidh earnáil na talmhaíochta na ciorruithe astaíochtaí atá le baint amach faoi 2030;

7. MEABHRAÍTEAR DI freisin nár cuireadh tús le cur chun feidhme phleananna straitéiseacha CBT go dtí 2023 agus gur tréimhse an-dúshlánach a bhí sa tréimhse le déanaí d’earnáil talmhaíochta na hEorpa agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé róluath a bheith in ann measúnú iomlán a dhéanamh ar thionchar CBT nua ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais;

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cobhsaíocht agus le hintuarthacht i ndáil leis an gcreat dlíthiúil agus IARRANN SÍ go mbeadh córas simplithe bailithe sonraí ann lena gcomhlíonfaí riachtanais éagsúla agus lena seachnófaí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis d’fheirmeoirí na hEorpa agus d’údaráis inniúla na mBallstát.

[1] Tuarascáil 2024 an Aontais ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (COM(2024) 498 final, 31/10/2024